C/2024/6472

28.10.2024

FÓGRA EARCAÍOCHTA PE/319/2024/S

STIÚRTHÓIR

(Grúpa Feidhme AD, grád 14)

Ard-Stiúrthóireacht an airgeadais – An Stiúrthóireacht um Maoiniú na Struchtúr Polaitiúil agus um Acmhainní

(C/2024/6472)

1. **Folúntas**

Tá cinneadh déanta ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa an nós imeachta a oscailt maidir le post **Stiúrthóra** (AD, grád 14) a líonadh laistigh d'Ard-Stiúrthóireacht an Airgeadais - An Stiúrthóireacht um Maoiniú na Struchtúr Polaitiúil agus um Acmhainní, i gcomhréir le hAirteagal 29(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh ([1]) (dá ngairtear 'na Rialacháin Foirne' anseo feasta).

Seolfar an nós imeachta roghnúcháin seo, a bhfuil sé d'aidhm aige an rogha is leithne d'iarrthóirí a thabhairt don Údarás Ceapacháin, ag an am céanna leis na nósanna imeachta inmheánacha agus idirinstitiúideacha chun poist a líonadh.

Leagtar síos luach saothair agus coinníollacha fostaíochta sna Rialacháin Foirne. Is ar ghrád AD 14 a dhéanfar an earcaíocht sin ([2]). I dteannta an bhuntuarastail, atá faoi réir cáin a théann chun sochair don Aontas agus atá díolmhaithe ó cháin náisiúnta, tá liúntais áirithe a d'fhéadfaí a íoc leis an té a cheapfar, de réir mar a leagtar amach sna Rialacháin Foirne.

Tarraingítear aird na n-iarrthóirí ar an oibleagáid a fhorchuirtear leis na Rialacháin Foirne ar gach ball foirne nua tréimhse phromhaidh naoi mí a chur i gcrích go rathúil agus ar an bhfíoras go bhfuil an post seo faoi réir na rialacha maidir leis an mbeartas soghluaisteachta arna nglacadh ag Biúró Pharlaimint na hEorpa an 15 Eanáir 2018.

Éilítear solúbthacht leis an bpost seo agus go ndéanfar teagmháil go rialta le daoine laistigh den Pharlaimint agus lasmuigh di, go háirithe leis na Feisirí de Pharlaimint na hEorpa. Beidh ar an Stiúrthóir turais ghnó a dhéanamh go minic idir áiteanna oibre na Parlaiminte agus go dtí áiteanna eile lasmuigh díobh.

2. **Ionad Fostaíochta**

An Bhruiséil. D'fhéadfaí an post seo a aistriú go dtí ceann d'ionaid eile oibre Pharlaimint na hEorpa.

3. **Comhionannas Deiseanna**

Cuireann Parlaimint na hEorpa beartas comhionannais deiseanna i bhfeidhm agus tugann sí an aird is mó ar na hiarratais go léir gan idirdhealú a dhéanamh ar fhorais ar bith amhail inscne, cine, dath, bunadh eitneach nó sóisialta, tréithe géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairimí polaitiúla nó aon tuairim eile, a bheith ar dhuine de mhionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois, gnéaschlaonadh, stádas pósta nó stádas teaghlaigh.

4. **Cúraimí an phoist**

Mar oifigeach sinsearach, beidh an Stiúrthóir freagrach as na dualgais seo a leanas, de réir na dtreoirlínte agus na gcinntí arna leagan síos ag an údarás parlaiminteach agus ag an Ard-Stiúrthóir ([3]):

— dea-fheidhmiú roinne móire den Ardrúnaíocht a áirithiú ina bhfuil aonaid éagsúla a chumhdaíonn réimsí freagrachta na Stiúrthóireachta, i gcomhréir le beartais na hinstitiúide,

— foirne de ghníomhairí a bhainistiú, a mhaoirsiú, a spreagadh agus a chomhordú; an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní na roinne agus caighdeán cáilíochta na seirbhíse (eagrú, bainistiú acmhainní daonna agus buiséid, nuálaíocht etc.) a áirithiú sna réimsí gníomhaíochta,

([1]) Féach Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle (IO L 56, 4.3.1968, lch. 1), arna leasú le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 723/2004 (IO L 124, 27.4.2004, lch. 1) agus arna leasú go deireanach le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1023/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 lena leasaítear Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh (IO L 287, 29.10.2013, lch. 15).

([2]) Earcófar an t-oifigeach sa chéim is iomchuí i gcomhréir le hAirteagal 32 de na Rialacháin Foirne.

([3]) Féach an Iarscríbhinn le haghaidh na bpríomhdhualgas.

— gníomhaíochtaí na stiúrthóireachta (cuspóirí agus straitéisí a leagan amach) a phleanáil, na cinntí is gá a ghlacadh chun na cuspóirí a bheidh leagtha síos a ghnóthú, measúnú a dhéanamh ar na seirbhísí atá ar fáil chun cáilíocht na seirbhísí sin a ráthú,

— comhairle a chur ar an Ard-Stiúrthóir, ar an Ard-Rúnaí agus ar Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa sna réimsí gníomhaíochta,

— comhoibriú leis na stiúrthóireachtaí éagsúla san Ardrúnaíocht, ionadaíocht a dhéanamh ar an institiúid agus conarthaí nó comhaontuithe a chaibidliú ina réimsí gníomhaíochta,

— tionscadail shonracha a bhféadfadh freagrachtaí airgeadais a bheith ag gabháil leo a bhainistiú agus a thabhairt chun críche,

— feidhmeanna oifigigh údaraithe trí fho-tharmligean a fheidhmiú.

5. **Incháilitheacht**

Tá an nós imeachta roghnúcháin seo oscailte d'iarrthóirí a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas faoin dáta deiridh chun iarratas a chur isteach:

(a) *Coinníollacha ginearálta*

I gcomhréir le hAirteagal 28 de na Rialacháin Foirne, ní mór duit:

— a bheith i do náisiúnach de cheann de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh ([4]),

— do lánchearta mar shaoránach a bheith á dteachtadh agat,

— do dhualgais a bheith comhlíonta agat i ndáil leis na hoibleagáidí seirbhíse míleata is infheidhme de réir dlí,

— na teistiméireachtaí carachtair a bheith agat is iomchuí do na cúraimí atá i gceist a chomhlíonadh.

(b) *Coinníollacha sonracha*

(i) Cáilíochtaí a éilítear

— nuair is é ceithre bliana nó níos mó an ghnáth-thréimhse do chúrsa léinn san ollscoil, leibhéal oideachais is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile agus céim bainte amach ag a dheireadh, ar céim í a aithnítear go hoifigiúil i gceann amháin de Bhallstáit an Aontais,

nó

— nuair is trí bliana ar a laghad an ghnáth-thréimhse do chúrsa léinn san ollscoil, leibhéal oideachais is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile agus céim bainte amach ag a dheireadh ([5]), ar céim í a aithnítear go hoifigiúil i gceann amháin de Bhallstáit an Aontais, mar aon le taithí ghairmiúil iomchuí d'aon bhliain amháin ar a laghad i ndiaidh na céime.

Maidir leis na céimeanna, cibé an i mBallstát nó i dtír eile a bhronntar iad, ní mór iad a bheith aitheanta ag comhlacht oifigiúil Ballstáit den Aontas Eorpach, amhail Aireacht Oideachais Ballstáit den Aontas Eorpach.

Na hiarrthóirí a bhfuil céimeanna acu a bhronn tír nach Ballstát den Aontas í ([6]), ní mór dóibh coibhéis Eorpach a gcuid céimeanna a cheangal lena n-iarratas. Le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir le haitheantas do cháilíochtaí a fuarthas i dtríú tír faoi chuimsiú líonraí ENIC-NARIC, téigh chuig an suíomh https://www.enic-naric.net/.

(ii) An taithí ghairmiúil atá riachtanach

— Taithí ghairmiúil a bheith bainte amach tar éis na cáilíochtaí dá dtagraítear thuas a bhaint amach:

([4]) Is iad seo a leanas Ballstáit an Aontais Eorpaigh: An Bheilg, an Bhulgáir, an Chipir, an Chróit, an Danmhairg, an Eastóin, Éire, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, an Ísiltír, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSeicia, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Spáinn, an tSualainn, an Ungáir.

([5]) Ní chuirfear an bhliain sin de thaithí i gcuntas agus measúnú á dhéanamh ar an taithí ghairmiúil a éilítear sa chéad fhleasc eile den mhír seo.

([6]) Glactar le cáilíochtaí/dioplómaí de chuid na Breataine a fuarthas go dtí an 31 Nollaig 2020 gan tuilleadh aitheantais. i gcás céimeanna a fuarthas tar éis an dáta sin, tá aitheantas NARIC ag teastáil. Go praiticiúil, ciallaíonn sé sin, i gcás céimeanna de chuid na Breataine agus a eisíodh ón 1 Eanáir 2021, nach mór doiciméad coibhéiseach, a d'eisigh Ballstát reatha de chuid an Aontais Eorpaigh, a bheith ag gabháil leo.

— **dhá bhliain déag**, agus cuid di ar a laghad déanta i réimsí freagrachta na Stiúrthóireachta, agus lena gcuimsítear an méid seo a leanas:

— **sé bliana** ar a laghad i dtimpeallacht Eorpach agus/nó idirnáisiúnta, agus

— **sé bliana** ar a laghad ar leibhéal bainistíochta i roinn mhór.

(iii) Eolas ar theangacha

Ní mór eolas sármhaith a bheith ag na hiarrthóirí ar cheann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh ([7]), agus eolas an-mhaith a bheith acu ar cheann amháin eile ar a laghad de na teangacha sin.

Tabharfaidh an Coiste Comhairleach aird ar eolas ar theangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

6. **Trialacha**

Chun cabhrú leis an Údarás Ceapacháin a rogha a dhéanamh, déanfaidh an Coiste Comhairleach um Oifigigh Shinsearacha a Cheapadh liosta iarrthóirí a dhréachtú agus molfaidh sé do Bhiúró Pharlaimint na hEorpa cé hiad na daoine a nglaofar orthu chun agallaimh. Glacfaidh an Biúró an liosta, agus seolfaidh an Coiste na hagallaimh agus cuirfidh sé a thuarascáil chríochnaitheach faoi bhráid an Bhiúró le haghaidh cinneadh.

Ag an gcéim sin, féadfaidh an Biúró na hiarrthóirí a chur faoi agallamh.

Beidh na hagallaimh bunaithe ar an gcur síos ar chúraimí an phoist, mar a shonraítear faoi phointe 4 den fhógra seo iad, agus ar na hinniúlachtaí seo a leanas:

— bua na straitéise,

— cumas bainistíochta,

— cumas pleanála chun cinn,

— cumas freagairt d'athruithe,

— críochnúlacht,

— cumas cumarsáide.

7. **Iarratais a chur isteach**

Is é an dáta deiridh chun iarratas a chur isteach ná

Dé Luain, an 11 Samhain 2024, ar 12:00 (meán lae), am na Bruiséile.

Iarrtar ar iarrthóirí litir inspreagtha a sheoladh i bhfoirm ríomhphoist amháin, agus an litir sin curtha i bhformáid PDF, (faoi bhráid Ardrúnaí Pharlaimint na hEorpa, fógra folúntais uimh. PE/319/2024/S) agus curriculum vitæ a sheoladh i bhformáid Europass ([8]), ina léirítear tagairt an fhógra (PE/319/2024/S) in ábhar na teachtaireachta chuig an seoladh seo a leanas:

PERS-EPSeniorManagement@ep.europa.eu.

agus is é dáta agus am seolta an ríomhphoist a bheidh mar fhianú air.

Is faoi na hiarrthóirí a bheidh sé a dheimhniú go mbeidh gach doiciméad scanta inléite.

Ní mór do na hiarrthóirí a gheobhaidh glao chun agallaimh, faoi dháta an agallaimh, na doiciméid tacaíochta a bhaineann lena staidéir, lena dtaithí ghairmiúil agus lena bhfreagrachtaí reatha a thabhairt ar aird, agus na doiciméid sin a bheith i bhfoirm cóipeanna nó fótachóipeanna amháin ([9]). Ní thabharfar na doiciméid sin ar ais do na hiarrthóirí.

Déanfar na sonraí pearsanta a chuirfidh na hiarrthóirí in iúl faoin nós imeachta roghnúcháin seo a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]), go sonrach a mhéid a bhaineann le rúndacht agus slándáil na sonraí sin.

([7]) Is iad teangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh: an Béarla, an Bhulgáiris, an Chróitis, an Danmhairgis, an Eastóinis, an Fhionlainnis, an Fhraincis, an Ghaeilge, an Ghearmáinis, an Ghréigis, an Iodáilis, an Laitvis, an Liotuáinis, an Mháltais, an Ollainnis, an Pholainnis, an Phortaingéilis, an Rómáinis, an tSeicis, an tSlóivéinis, an tSlóvaicis, an Spáinnis, an tSualainnis agus an Ungáiris.

([8]) https://europa.eu/europass/.

([9]) Ní bhaineann sé seo leis na hiarrthóirí atá ag obair do Pharlaimint na hEorpa ar an dáta deiridh le haghaidh iarratais. Is faoi na hiarrthóirí atá sé a áirithiú go mbeidh an comhad iomlán a chomhfhreagraíonn dá n-iarratas againn (i gcás doiciméid ábhartha gan bheith ar fáil ar an tairseach HRM (Streamline).

([10]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39)

IARSCRÍBHINN

ARD-STIÚRTHÓIREACHT AN AIRGEADAIS

An Stiúrthóireacht um Maoiniú na Struchtúr Polaitiúil agus um Acmhainní

Príomhchúraimí

— Aonaid agus ranna na Stiúrthóireachta a stiúradh, a chomhordú agus maoirseacht a dhéanamh orthu, agus foireann agus eagrú ginearálta na Stiúrthóireachta a riar;

— Páirt a ghlacadh i sainiú threoirlínte straitéiseacha na hArd-Stiúrthóireachta;

— Cloí le barúlacha agus conclúidí Chúirt Iniúchóirí na hEorpa agus na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise;

— Tacú le cur chun feidhme chistiú na bpáirtithe polaitiúla Eorpacha agus na bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, chomh maith le cistiú na ngrúpaí polaitiúla agus na bhFeisirí neamhcheangailte de Pharlaimint na hEorpa, Chumann Pharlaimint na hEorpa agus Chumann na nIar-Fheisirí, agus faireachán a dhéanamh ar an gcistiú sin;

— An comhoibriú leis an ngníomhaireacht taistil sheachtrach a chomhordú agus tacaíocht a chur ar fáil don aonad um bainistiú taistil;

— Feidhmiú cuí an bhonneagair TF, bainistiú spáis oifige agus lóistíochta a áirithiú don Ard-Stiúrthóireacht;

— Tacú le cur chun feidhme beartais bainistithe acmhainní daonna arna chur in oiriúint do riachtanais na hArd-Stiúrthóireachta;

— Ionadaíocht a dhéanamh don Ard-Stiúrthóireacht i meithleacha maidir le bainistiú cothrománach acmhainní agus bainistiú leanúnachais gnó;

— An tSeirbhís um Sholáthair Phoiblí a chomhordú agus a threorú, ina c(h)áil mar oifigeach údarúcháin trí fhotharmligean.

AN tAONAD UM MAOINIÚ GRÚPAÍ POLAITIÚLA AGUS FEISIRÍ NEAMHCHEANGAILTE

— Ioncam agus caiteachas na bhFeisirí a bhfuil stádas neamhcheangailte acu a bhainistiú a mhéid a bhaineann le buiséad 400. Faireachán a dhéanamh ar úsáid leithreasuithe faoi líne bhuiséid 400 ag Feisirí neamhcheangailte, íocaíocht/aisíocaíocht caiteachais a dhéanamh agus bainistiú a dhéanamh ar chuntasaíocht na liúntas a chuirtear ar fáil d'Fheisirí neamhcheangailte, ar chomhfhreagras agus ar staidreamh. Oibriú an fheidhmchláir dhigitigh le haghaidh iarrataí ar aisíocaíocht agus an nasc leis an Ríomhthairseach agus leis an gCóras Bainistíochta Airgeadais a áirithiú;

— Míreanna buiséid 1 0 0 7, 3 0 2 0-0 6, 4 4 0 0, 4 4 2 0 (liúntais an Uachtaráin, Oifig an Uachtaráin, comhlachais) a bhainistiú. Idirchaidreamh a dhéanamh le hOifig an Uachtaráin agus na comhlachais pharlaiminteacha;

— Faireachán a dhéanamh ar chásanna sonracha conspóideacha grúpaí polaitiúla agus Feisirí neamhcheangailte;

— Idirchaidreamh a dhéanamh le rúnaíochtaí na ngrúpaí polaitiúla, leis na Feisirí neamhcheangailte agus lena gcúntóirí, leis an gCúirt Iniúchóirí, le hiniúchóireacht inmheánach, leis an tseirbhís *ex ante*, leis an Láraonad Airgeadais agus leis an gcuntasaíocht;

— Mír bhuiséid 400 a bhainistiú, leithreasuithe mhír bhuiséid 400 a dháileadh idir na grúpaí polaitiúla agus na Feisirí neamhcheangailte, tuarascálacha bliantúla na ngrúpaí polaitiúla a sheiceáil agus nóta a ullmhú don Bhiúró maidir le dúnadh na gcuntas;

— Tuairisciú don ordlathas (tuarascálacha bliantúla, tuairisciú buiséid, cosaint sonraí, bainistiú riosca, plean leanúnachais gnó), méadracht agus sásamh custaiméirí;

— Faireachán a dhéanamh ar athruithe ar an gcreat rialála atá nasctha leis na rialacha lena rialaítear úsáid leithreasuithe faoi líne bhuiséid 400 agus ar rialacha eile a bhaineann leis na línte buiséid atá á mbainistiú ag an aonad;

— Grúpchuntais agus doiciméid eile a fhoilsiú ar idirlíon na hinstitiúide agus freagra a thabhairt ar iarrataí ar fhaisnéis (trédhearcacht, na meáin, institiúidí eile).

AN tAONAD UM THEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS UM AN RÍOMHTHAIRSEACH LENA n-ÁIRÍTEAR AN tSEIRBHÍS UM FHAISNÉISÍOCHT AGUS UM LÓISTÍOCHT AGUS AN tSEIRBHÍS UM AN RÍOMHTHAIRSEACH

— Comhordú a dhéanamh, páirt a ghlacadh san anailís fheidhmiúil agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme tionscadal TF, lena n-áirítear staidéir theicniúla agus meastóireachtaí;

— Páirt a ghlacadh agus ionadaíocht a dhéanamh don bhainistíocht shinsearach i meithleacha agus i gcoistí stiúrtha idir-AS;

— Comhordú a dhéanamh ar na ranna atá mar chuid den aonad, baill foirne a bhainistiú, rannchuidiú le comhaid iolracha don Stiúrthóir, don Ard-Stiúrthóir agus don Ard-Rúnaí;

— An clár TF a bhunú agus cur chun feidhme an phlean (anailísí gnó) a bhainistiú, riachtanais a shainaithint, comhordú a dhéanamh agus anailís a dhéanamh ar fheidhmchláir atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo;

— Comhordú a dhéanamh ar thionscadail dhíláraithe (anailísiú, forbairt, cothabháil);

— Bainistiú a dhéanamh ar thionscadail a bhaineann leis na toghcháin Eorpacha (imeacht, teacht, fáilte).

AN Taonad UM BAINISTIÚ TAISTIL

lena n-áirítear an tseirbhís um ghrúpthaisteal agus um imeachtaí agus an tseirbhís um chur chun feidhme conarthaí

— Maoirseacht ghinearálta a dhéanamh ar ghníomhaíocht na gníomhaireachta taistil atá ar conradh ag Parlaimint na hEorpa;

— Maoirseacht a dhéanamh ar ullmhú margaidh chun conradh a thabhairt i gcrích le heisitheoir cárta creidmheasa (cárta corparáideach) chun íoc as ticéid arna n-eisiúint ag an ngníomhaireacht taistil;

— Comhordú a dhéanamh ar an dá roinn atá mar chuid den aonad, baill foirne a bhainistiú, aighneachtaí a chur ar fáil maidir le roinnt comhad don Stiúrthóir, don Ard-Stiúrthóir agus don Ard-Rúnaí;

— Líne bhuiséid 03049 a bhaineann le híocaíocht táillí bainistíochta míosúla a bhainistiú;

— Páirt a ghlacadh agus ionadaíocht a dhéanamh don Ard-Stiúrthóireacht i meithleacha agus i gcoistí stiúrtha idir-AS;

— Maoirseacht a dhéanamh ar an gcaibidlíocht le haerlínte agus le grúpaí óstáin agus na comhaontuithe faoi seach a shíniú, chomh maith le maoirseacht a dhéanamh ar eagrú iompair chairtfhostaithe do sheisiúin iomlánacha in Strasbourg;

— Faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí sa mhargadh taistil agus measúnú a dhéanamh ar dheiseanna chun uirlisí TF nua a thabhairt isteach.

AN tAONAD UM ACMHAINNÍ DAONNA AGUS UM EAGAR

— Foireann na hArd-Stiúrthóireachta a bheidh ann amach anseo a mhealladh, a roghnú agus a chomhtháthú de réir na nósanna imeachta roghnúcháin éagsúla;

— Scileanna agus fios gnó a shainaithint, a chur chun cinn agus a chomhdhlúthú chun nuálaíocht, lúfaireacht agus athléimneacht a éascú, agus gníomhaíochtaí oiliúna díláraithe a bhainistiú;

— Cultúr acmhainní daonna a fhorbairt a bheidh dírithe ar éifeachtúlacht, ar chomhar, ar chaoinfhulaingt agus ar urraim;

— Meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht, forbairt gairme a réamh-mheas agus tacú léi chun feabhas a chur ar an taithí a fuarthas agus sárbhaill foirne a choinneáil;

— Luacháil a dhéanamh ar rannchuidiú na n-oiliúnaithe trí thaithí oiliúna oscailte de reir riachtanais na hArd-Stiúrthóireachta;

— Athruithe in eagrú na hoibre agus in infhaighteacht acmhainní (teilea-obair, neamhláithreachtaí, ragobair) a thuar agus tacú leo;

— Bainistíocht bhuiséadach a áirithiú i réimse na n-acmhainní daonna, an tuairiscithe agus na cumarsáide inmheánaí.

AN tAONAD UM MAOINIÚ PÁIRTITHE AGUS FONDÚIREACHTAÍ POLAITIÚLA

— Na nósanna imeachta a bhaineann le cistiú páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla (glao ar ranníocaíochtaí/tograí, deonú cistiúcháin a ullmhú, rialú ar úsáid cistiúcháin, aisghabháil méideanna a íocadh go míchuí) a áirithiú, lena n-áirítear nótaí a ullmhú don Bhiúró (leithdháileadh cistiúcháin, dúnadh cuntas), agus comhfhreagras le páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla. Míreanna buiséid 4 0 2, 4 0 3 agus 5 0 1 a bhainistiú;

— Tacaíocht agus comhairle a chur ar fáil do pháirtithe polaitiúla agus d'fhondúireachtaí polaitiúla agus cruinnithe débhliantúla agus oiliúint a eagrú de réir mar is gá;

— Idirchaidreamh a dhéanamh leis an Údarás um Páirtithe agus Fondúireachtaí Eorpacha, leis an iniúchóir seachtrach, leis an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach, leis an gCúirt Iniúchóirí, leis an Aonad Buiséid agus Fíorúcháin agus an chuntasacht a áirithiú;

— Faireachán agus anailís a dhéanamh ar chásanna sonracha conspóideacha na bpáirtithe agus na bhfondúireachtaí polaitiúla i gcomhar leis an tSeirbhís Dlí;

— Idirchaidreamh a dhéanamh leis an Aonad um Fhaireachán ar Chomhlíonadh Rialála, lena n-áirítear iarrataí ar rochtain ar dhoiciméid;

— Faireachán a dhéanamh ar éabhlóid an chreata reachtaigh is infheidhme maidir le páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha agus tograí a dhéanamh.